Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2020**
**(OR. en)**

**6587/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0039(NLE)**

**AUDIO 10**
**RELEX 187**
**COMER 26**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 92 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le fad a chur leis an teidlíocht chun comhléiriúcháin mar a fhoráiltear in Airteagal 5 de Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha le haghaidh an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 92 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 92 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2020
COM(2020) 92 final

2020/0039 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le fad a chur leis an teidlíocht chun comhléiriúcháin mar a fhoráiltear in Airteagal 5 de Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha le haghaidh an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Saorthrádála (FTA) idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Chóiré an 6 Deireadh Fómhair 2010 agus tugadh i gcrích é in 2015 nuair a glacadh an Cinneadh ón gComhairle 2015/2169 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóire, den pháirt eile ("an Cinneadh"). Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha (dá ngairtear an Prótacal anseo feasta), a thug na Páirtithe i gcrích faoi chuimsiú FTA, bunaíodh creat faoina mbeidh na Páirtithe ag obair i gcomhar le chéile chun malartuithe ó thaobh gníomhaíochtaí, earraí agus seirbhísí cultúrtha de a éascú, lena n-áirítear san earnáil chlosamhairc, agus feabhas a chur ar na coinníollacha lena rialaítear malartuithe den chineál sin.

Leis an bPrótacal chomhaontaigh na Páirtithe, i gcomhréir lena gcuid reachtaíochta faoi seach, *inter alia* teidlíocht a dheonú do léiritheoirí ó Pháirtí AE agus ó Pháirtí na Cóire chun go mbainfidh comhléiriúcháin chlosamhairc leas as a gcuid scéimeanna féin chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn faoi réir coinníollacha sonracha áirithe.

Féadfar a mheas gur saothair Eorpacha laistigh den Aontas agus a mheas gur saothair Chóiréacha laistigh den Cóiré comhléiriúcháin den chineál sin, chomh fada agus a urramaítear na comhléiriúcháin sin na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 5 den Phrótacal (féach pointí 8(a) go (c) go háirithe).

Bunaíodh an teidlíocht seo ar feadh tréimhse trí bliana (ón 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh 2014) agus rinneadh í a athnuachan dhá uair le haghaidh trí bliana eile. Mhair an chéad athnuachan go dtí an 30 Meitheamh 2017 agus mairfidh an teidlíocht atá ann faoi láthair go dtí an 30 Meitheamh 2020. Táthar ag moladh anois go ndéanfaidh an Chomhairle ráiteas maidir leis an teidlíocht a athnuachan go ceann trí bliana eile.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

I bhfo-chlár MEDIA Eoraip na Cruthaitheacha tugtar tacaíocht do na tíortha Eorpacha rannpháirteacha saothair chlosamhairc Eorpacha a fhorbairt agus a dháileadh. Féadfaidh tairbhithe ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach i scéimeanna ar leith má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

I scéimeanna áirithe, tugtar cuidiú timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhléiriúcháin, go sonrach scéimeanna Rochtana ar an Margadh agus Oiliúna a mhaoiníonn margaí, cruinnithe líonraithe agus ceardlanna, lena n-áirítear leis an gCóiré. Ina theannta sin, cuidíonn scéim na gcomhléiriúchán idirnáisiúnta le comhpháirtithe idirnáisiúnta comhléiriúcháin, lena n-áirítear na comhpháirtithe ón gCóiré, teacht le chéile agus cuirtear tacaíocht indíreach ar fáil do shaothair chlosamhairc a chomhléirítear as cistí idirnáisiúnta comhléiriúcháin, lena n-áirítear comhléiriúcháin leis an gCóiré faoi réir coinníollacha áirithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Thug an tAontas Eorpach agus an Chóiré an Prótacal maidir le Comhar Cultúrtha i gcrích in 2015 mar chuid den Chomhaontú Saorthrádála. Go sonrach, measadh gur ionstraim é lena gcuirfí chun cinn Coinbhinsiún na bliana 2005 Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) maidir le hÉagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

Foráiltear leis an teidlíocht atá ann faoi láthair ar chomhléiriúcháin lena dtabharfar tacaíocht do chomhléiriúcháin chlosamhairc as grúpaí de scéimeanna agus cistí náisiúnta. Mar gheall ar an teidlíocht, féadfar na saothair chomhléirithe a cháiliú freisin mar shaothair Eorpacha faoi shainmhíniú na saothar Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 1(n)(iii) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Foráiltear don nós imeachta um an teidlíocht a athnuachan in Airteagal 5 den Phrótacal. Cuireadh na bearta riachtanacha i gcrích.

Sonraítear in Airteagal 5(8) den Phrótacal, más rud é go ndéantar an cinneadh gur cheart an teidlíocht a athnuachan, gur féidir fad a chur léi go ceann tréimhse trí bliana eile agus, dá héis sin, go ndéanfar í a athnuachan go huathoibríoch go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna mura gcuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad trí mhí sula rachaidh an tréimhse in éag. Maidir le comhléiriúcháin atá ann sular cuireadh deireadh le teidlíocht den chineál sin, is féidir go mbainfidh na comhléiriúcháin sin leas as a gcuid scéimeanna féin go fóill chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn.

Is tráthúil togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an teidlíocht a athnuachan. Ba cheart togra den chineál sin a bhunú ar Airteagal 218(6) CFAE mar go mbaineann sé leis an ráiteas maidir le fad a chur leis an tréimhse a bhfuil cuid de chomhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm. Leagtar síos sna Conarthaí na rialacha maidir leis an gcaoi a dtagann institiúidí an Aontais Eorpaigh ar a gcinntí agus ní féidir leis na Ballstáit ná na hinstitiúidí féin iad a dhiúscairt. Cinntí ón gComhairle lena dtugtar comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích, ní féidir leo maolú ó na Conarthaí maidir leis an nós imeachta um ráiteas a dhéanamh maidir le fad a chur le hoibleagáidí ama as comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Mar gheall ar an teidlíocht a athnuachan, beidh deis ag an tionscal closamhairc Eorpach fanacht gníomhach sa mhargadh Cóiréach/na Cóiré atá ag fás go tapa agus sciar breise den mhargadh, taithí agus eolas a ghnóthú/an sciar den mhargadh ann, a thaithí air agus an t-eolas atá aige air a mhéadú.

Cé gur éirigh le roinnt Ballstát tabhairt faoi comhléiriúcháin chlosamhairc ar bhonn déthaobhach, níor thug a lán eile faoi na comhléiriúcháin agus, dá bhrí sin, tá an deis fós ag níos mó tíortha a bheith rannpháirteach mar gheall ar an teidlíocht ar leibhéal an Aontais.

Tá inniúlachtaí teoranta ag an gCoimisiún Eorpach maidir le léiriú scannán ós rud é gurb é sin ról na gcistí scannánaíochta náisiúnta, lena n-áirítear maidir le comhléiriúcháin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá úsáid a bhaint cistí scannánaíochta náisiúnta a thuilleadh chun an Prótacal seo a chur chun feidhme go praiticiúil.

- **Comhréireacht**

Léiríodh sna staidéir agus sna sonraí ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc go mbíonn lucht féachana níos airde ag comhléiriúcháin. 17 % de na scannáin a bhí ar taispeáint sa Chóiré in 2017 ba scannáin Eorpacha iad ach ní dheachaigh ach 5 % de lucht freastail na bpictiúrlann ag amharc orthu. Léirítear sa bhearna idir na scannáin nua agus líon an phobail a chuaigh ag amharc orthu sna pictiúrlanna go bhfuil acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ann agus dá mbeifí ag obair níos fearr i gcomhar le chéile, d'fhéadfaí leas a bhaint as an acmhainneacht sin. Mar gheall ar theidlíocht na gcomhléiriúchán, d'fhéadfaí níos mó deiseanna a chruthú don tionscal closamhairc Eorpach i dtéarmaí an onnmhairithe agus an chur chun cinn sa Chóiré agus i dtéarmaí bealach isteach ar mhargadh na hÁise. Dá bhrí sin, dá gcuirfí teidlíocht na gcomhléiriúchán chun feidhme, bheadh sin ina chuidiú cur leis an sciar den mhargadh nuair atá an margadh ag fás (go ginearálta, méadaíodh ar na ticéid a díoladh sa Chóiré faoi 23 % idir 2013 agus 2017). Ina ainneoin sin, tá scannáin Chóiréacha atá ar taispeáint san Aontas Eorpach an-teoranta (léiríonn na figiúirí le haghaidh 2014 - 2018 gurb é 0,4 % an sciar de na scannáin nua agus gurb é 0,1 % an sciar de líon an phobail a théann ag amharc orthu).

Feictear go dtí seo gur easpa faisnéise nithiúla faoi na dreasachtaí atá ar fáil do chomhléirúcháin ar an leibhéal náisiúnta is cúis le heaspa cur chun feidhme an phrótacail. Dá bhrí sin, ba cheart bearta spriocdhírithe a dhéanamh (lena gcumhdaítear rochtain ar an maoiniú, oiliúint, tógáil líonraí), ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Léirítear freisin le rath na gcomhléiriúchán déthaobhach go bhfuil cumas agus acmhainneacht ann tuilleadh a dhéanamh. Sa réamhphlé a rinneadh laistigh den Mheitheal um an Earnáil Chlosamhairc, chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil siad toilteanach a bheith ag obair i gcomhar leis an gCóiré ar leibhéal an Aontais chun comhléiriúcháin a chur chun cinn faoin bPrótacal, agus úsáid á mbaint as na cleachtais is fearr ar an leibhéal déthaobhach.

- **An rogha ionstraime**

Is Cinneadh ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE í an ionstraim iomchuí le haghaidh aon ráiteas ar leith maidir leis an teidlíocht a athnuachan mar go mbaineann sé le fad a chur leis an tréimhse a bhfuil cuid de chomhaontú idirnáisiúnta bhfeidhm.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá foráil sa Phrótacal go mbunóidh gach Páirtí Grúpa Comhairleach Baile (GCB), ar a mbeidh ionadaithe cultúrtha agus closamhairc atá gníomhach sna réimsí a chumhdaítear leis an bPrótacal seo. Bhí cruinniú ag GCB AE an 17 Deireadh Fómhair 2019 sa Bhruiséil chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí ar chur chun feidhme na teidlíochta ó thaobh fheabhsú na héagsúlachta cultúrtha agus an chomhair chomhthairbhigh maidir le saothair chomhléirithe de. Rannchuidigh páirtithe leasmhara leis an gcomhairliúchán freisin trína gcuid barúlacha i scríbhinn a sheoladh isteach.

Ar an iomlán, thug na páirtithe leasmhara dá n-aire go raibh easpa comhléiriúcháin chlosamhairc AE-na Cóiré ann faoi na coinníollacha a luaitear sa Phrótacal ach, mar sin féin, go bhféadfadh an Prótacal a bheith ina uirlis úsáideach. Bhí meon oscailte acu i leith na teidlíochta a athnuachan le haghaidh comhléiriúcháin AE-na Cóiré cé go raibh imní áirithe ann faoin mbreisluach a bhain leis go praiticiúil, rud nár mhór a shoiléiriú. Bhí sé de chonclúid ag na páirtithe leasmhara freisin go bhfuil gá ann an Prótacal a chur chun cinn ar leibhéal an tionscail, na stát agus an Aontais Eorpaigh chun béim a leagan ar na buntáistí.

Is tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus i bhfianaise thuairim an CGB go dtugtar cuireadh don Choimisiún anois a fhormheas gur cheart an teidlíocht a athnuachan.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Léiríodh sna staidéir agus sna sonraí ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc go mbíonn líon níos airde daoine ag éisteacht le comhléiriúcháin agus ag amharc orthu.

I gcomparáid le margaí onnmhairíochta eile, ba scannáin Eorpacha iad 17 % de na scannáin nua a bhí ar taispeáint sa Chóiré in 2017 ach ní dheachaigh ach 5 % de lucht freastail na bpictiúrlann ag amharc orthu. Léirítear sa bhearna idir na scannáin nua agus líon an phobail a chuaigh ag amharc orthu sna pictiúrlanna go bhfuil acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ann agus dá mbeifí ag obair níos fearr i gcomhar le chéile, d’fhéadfaí leas a bhaint as an acmhainneacht sin. Mar gheall ar theidlíocht na gcomhléiriúchán, d’fhéadfaí níos mó deiseanna a chruthú don tionscal closamhairc Eorpach i dtéarmaí an onnmhairithe agus an chur chun cinn sa Chóiré agus i dtéarmaí bealach isteach ar mhargadh na hÁise. Dá bhrí sin, dá gcuirfí teidlíocht na gcomhléiriúchán chun feidhme, bheadh sin ina chuidiú cur leis an sciar den mhargadh nuair atá an margadh ag fás (go ginearálta, méadaíodh ar na ticéid a díoladh sa Chóiré faoi 23 % idir 2013 agus 2017). Ina ainneoin sin, tá scannáin Chóiréacha atá ar taispeáint san Aontas Eorpach an-teoranta (léiríonn na figiúirí le haghaidh 2014 - 2018 gurb é 0,4 % an sciar de na scannáin nua agus gurb é 0,1 % an sciar de líon an phobail a théann ag amharc orthu).

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Impleacht ar bith.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar chur chun feidhme na teidlíochta comhléiriúcháin closamhairc, ag tarraingt ar shonraí ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc agus ón tionscal, go háirithe i ndáil leis an earnáil bheochana.

Beidh cruinniú uair sa bhliain ag Coiste um Chomhar Cultúrtha idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit ar thaobh amháin agus Poblacht na Cóiré ar an taobh eile chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun dúshláin agus deiseanna a phlé.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déanfar fad a chur leis an teidlíocht ar feadh trí bliana eile, go dtí Meitheamh 2023. Leagtar an teidlíocht amach in Airteagal 5 den Phrótacal mar seo a leanas:

"Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn comhléiriúcháin saothar closamhairc arna tháirgeadh ag Páirtí na Cóiré agus Páirtí AE araon ina ndearna na léiritheoirí sin infheistíocht i gcomhréir le téarmaí an Prótacail seo.

Spreagfaidh na Páirtithe caibidlíocht ar chomhaontuithe comhléiriúcháin nua agus cur chun feidhme na gcomhaontuithe comhléiriúcháin atá ann cheana idir Ballstát amháin nó roinnt Ballstát den Aontas Eorpach agus an Chóiré. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhféadfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Chóiré leasanna airgeadais a dheonú do shaothair chlosamhairc chomhléirithe mar a shainmhínítear i gcomhaontuithe comhléiriúcháin déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo ar páirtithe iontu Ballstát amháin nó roinnt Ballstát den Aontas Eorpach agus an Chóiré.

Éascóidh na Páirtithe, i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach, comhléiriúcháin idir léiritheoirí ó Pháirtí AE agus ón gCóiré, lena n-áirítear trí theidlíocht ar chomhléiriúcháin chun leas a bhaint as na scéimeanna faoi seach um ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn.

Beidh saothair chlosamhairc chomhléirithe i dteideal leas a bhaint as scéim Pháirtí AE um ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn trí cháiliú mar shaothair Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 1(n)(i) de Threoir 89/552/CEE arna leasú ag Treoir 2007/65/CE, nó ag a leasuithe ina dhiaidh sin[1] chun críocha na gceanglas maidir le saothair chlosamhairc a chur chun cinn dá bhforáiltear in Airteagal 4.1 agus 3i.1 de Threoir 89/552/CEE arna leasú ag Treoir 2007/65/CE, nó ag a leasuithe ina dhiaidh sin[2]. Beidh saothair chlosamhairc

---

1 Ba í Treoir (AE) 2018/1808 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh, *IO L 303, 28.11.2018*, an leasú is déanaí.

2 Idem 1; neartaítear cur chun cinn na saothar Eorpach faoin Treoir leasaithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc trí cheanglas a leagan síos in Airteagal 13.1 go mbeidh sciar 30 % ar a laghad de shaothair

chomhléirithe i dteideal leas a bhaint as scéimeanna Cóiréacha um ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn dá dtagraítear i mír 3 trí cháiliú mar shaothair Chóiréacha chun críocha Airteagal 40 den *Promotion of Motion Pictures and Video Products Act* [Acht um Scannáin agus Táirgí Físeáin a Chur Chun Cinn] (Acht Uimh. 9676, an 21 Bealtaine 2009), nó a leasuithe ina dhiaidh sin agus Airteagal 71 den *Broadcasting Act* [Acht Craolacháin] (Acht Uimh. 9280, an 31 Nollaig 2008), nó a leasuithe ina dhiaidh sin agus an *Notice on Programming Ratio* [Fógra maidir leis an Sciar den Chlársceidealú] (Fógra Uimh 2008-135 ó Choimisiún Cumarsáide na Cóiré, an 31 Nollaig 2008), nó a leasuithe ina dhiaidh sin.

Deonófar an teidlíocht ar chomhléiriúcháin chun leas a bhaint as na scéimeanna faoi seach um ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) Déantar na saothair chlosamhairc chomhléirithe a thabhairt i gcrích idir gnóthais atá faoi úinéireacht, bíodh sin go díreach nó trí rannpháirtíocht tromlaigh, ag Ballstát den Aontas Eorpach nó ag an gCóiré faoi seach agus/nó ag náisiúnaigh Bhallstáit den Aontas Eorpaigh nó náisiúnaigh na Cóiré faoi seach, agus a leanfaidh de bheith faoina n-úinéireacht;

(b) Tá náisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach agus den Chóiré faoi seach ag stiúrthóir(í) nó bainisteoir(í) ionadaíocha na ngnóthas comhléiriúcháin agus is féidir leo sainchónaí ann a léiriú;

(c) Beidh gá le rannpháirtíocht léiritheoirí as dhá Bhallstát den Aontas Eorpach le haghaidh gach saothair chlosamhairc chomhléirithe, seachas saothair bheochana. I ndáil le saothair bheochana beidh gá le rannpháirtíocht léiritheoirí as trí Bhallstát den Aontas Eorpach. Ní bheidh an sciar de ranníocaíocht léiritheora nó léiritheoirí as gach Ballstát den Aontas Eorpach níos lú ná 10 faoin gcéad;

(d) Ní fhéadfaidh ranníocaíochtaí íosta faoi seach le saothar closamhairc comhléirithe nach saothar beochana é de chuid léiritheoirí Pháirtí AE (tógtha le chéile) agus de chuid léiritheoirí na Cóiré (tógtha le chéile) a bheith níos lú ná 30 faoin gcéad de chostas iomlán léiriúcháin an tsaothair chlosamhairc. I ndáil le saothair bheochana ní fhéadfaidh an ranníocaíocht sin a bheith níos lú ná 35 faoin gcéad den chostas iomlán léiriúcháin;

(e) Cuimsíonn rannpháirtíocht léiritheoirí gach Páirtí (tógtha le chéile) rannpháirtíocht éifeachtach theicniúil agus ealaíonta agus déantar cothromaíocht a áirithiú idir rannpháirtíocht an dá Pháirtí. Go háirithe, i saothair chlosamhairc chomhléirithe nach saothair bheochana iad ní bheidh rannpháirtíocht theicniúil agus ealaíonta léiritheoirí gach Páirtí (tógtha le chéile) éagsúil le níos mó ná 20 pointe céatadán i gcomparáid lena ranníocaíocht agus ní fhéadfaidh sí a bheith i gcás ar bith níos mó ná 70 faoin gcéad den rannpháirtíocht iomlán. I ndáil le saothair bheochana ní bheidh rannpháirtíocht theicniúil agus ealaíonta léiritheoirí gach Páirtí (tógtha le chéile) éagsúil le níos mó ná 10 bpointe céatadán i gcomparáid lena ranníocaíocht agus ní fhéadfaidh sé a bheith i gcás ar bith cothrom le níos mó ná 65 faoin gcéad den rannpháirtíocht iomlán;

(f) Glactar le ranníocaíocht léiritheoirí ó thríú tíortha a bhfuil Coinbhinsiún UNESCO daingnithe acu le saothar closamhairc comhléirithe go dtí uasmhéid 20 faoin gcéad, nuair is féidir, de chostas iomlán léiriúcháin agus/nó den rannpháirtíocht theicniúil agus ealaíonta leis an saothar closamhairc."

Athdhearbhaíonn na páirtithe go ndéantar leasanna cómhalartacha a áirithiú leis an teidlíocht ar chomhléiriúcháin chun leas a bhaint as a scéimeanna faoi seach um ábhar cultúrtha

---

Eorpacha sna catalóga acu ag seirbhísí meán closamhairc ar éileamh agus go n-áiritheoidh siad go dtabharfar tosaíocht do na saothair sin.

áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn, agus go ndéanfar stádas saothar Eorpach/Cóiréach faoi seach ar chomhléiriúcháin a chomhlíonann na critéir gan aon choinníoll bhreise.

Bunaítear an teidlíocht ar chomhléiriúcháin chun leas a bhaint as na scéimeanna faoi seach um ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn ar feadh tréimhse trí bliana.

2020/0039 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le fad a chur leis an teidlíocht chun comhléiriúcháin mar a fhoráiltear in Airteagal 5 de Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha le haghaidh an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 167(3) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2015/2169 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

(2) Sa Chomhaontú, tá Prótacal maidir le Comhar Cultúrtha ("an Prótacal") lena leagtar amach, i gcomhréir le hAirteagal 1 de, an creat faoina mbíonn na Páirtithe ag comhoibriú i gcomhar le chéile chun malartuithe ó thaobh gníomhaíochtaí, earraí agus seirbhísí cultúrtha de a éascú, lena n-áirítear *inter alia* san earnáil chlosamhairc.

(3) De bhun Airteagal 5(8)(b) den Phrótacal, tar éis thréimhse thosaigh trí bliana déanfar an teidlíocht a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, mura gcuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad trí mhí sula rachaidh an tréimhse thosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Baile dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) den Phrótacal maidir le fad a chur le tréimhse na teidlíochta mar a fhoráiltear dó le hAirteagal 5(8) den Phrótacal.

(7) Níor cheart an Cinneadh seo difear a dhéanamh d'inniúlachtaí an Aontais ná inniúlachtaí na mBallstát faoi seach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dearbhaíonn an Chomhairle go ndéanfar an teidlíocht a athnuachan chun go mbainfidh comhléiriúcháin chlosamhairc leas as scéimeanna na bPáirtithe chun ábhar cultúrtha áitiúil/réigiúnach a chur chun cinn, mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal, ar feadh tréimhse trí bliana, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Aibreán 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*